# Cuntas Leithreasa 2025

## Vóta 30

## Talmhaíocht, Bia agus Muir

## Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta do Vóta 30, ceanglaítear orm an cuntas leithreasa don Vóta a ullmhú gach bliain, agus an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

I gcomhréir leis an gceanglas seo, tá an cuntas atá faoi iamh ullmhaithe agam ar an méid a caitheadh sa bhliain dar chríoch an 31 Nollaig 2025 ar thuarastail agus ar chostais Oifig an Aire Talmhaíochta, Bia agus Mara, lena n-áirítear seirbhísí áirithe arna riar ag an Oifig sin, agus ar íocaíocht deontas agus fóirdheontas áirithe agus ar íocaíochtaí deontas áirithe faoi scéimeanna airgead-teoranta.

Cuirtear an toradh caiteachais i gcomparáid leis na suimeanna

- arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa 2025, lena n-áirítear an méid a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí-i-gcabhair don chaiteachas don bhliain, agus
- arna soláthar le haghaidh seirbhísí soláthair chaipitil in 2025 as leithreasaí neamhchaite 2024, faoi na socruithe um ghéilleadh iarchurtha a bunaíodh le halt 91 den Acht Airgeadais, 2004.

Tá barrachas €31.861 milliún faoi dhliteanas lena ghéilleadh don Státchiste.

Tá an ráiteas ar bheartais agus ar phrionsabail chuntasaíochta agus nótaí 1 go 7 mar chuid den chuntas.

## Ráiteas faoi pholasaithe agus faoi phrionsabail chuntasaíochta

Cuireadh I bhfeidhm na beartais chuntasaíochta chaighdeánacha agus na prionsabail chuntasaíochta chaighdeánacha chun cuntais leithreasa a tháirgeadh, mar a leag an Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóirithe Seirbhíse Poiblí agus Digitithe amach i gciorclán 25 de 2025, agus an cuntas á ullmhú. Áirítear leis sin cur i bhfeidhm roinnt Caighdeáin Chuntasaíochta an Rialtais Láir a tugadh i bhfeidhm le haghaidh tréimhsí cuntais a thosaíonn ón 1 Eanáir 2025.

Chun an t-aistriú ón gcuntas leithreasa chuig Caighdeáin Chuntasaíochta an Rialtais Láir a éascú, fuair an Roinn maolú páirteach maidir le Caighdeáin Chuntasaíochta an Rialtais Láir 17 Réadmhaoin, Gléasra agus Trealamh i ndáil leis an gcuntas leithreasa do 2025.

Tá réadmhaoin, fearas agus trealamh áirithe nach bhfuil aitheanta i gcomhréir le Caighdeáin Chuntasaíochta an Rialtais Láir 17:14. Tá na sócmhainní réadmhaoine sin liostaithe in Aguisín A den chuntas leithreasa.

***Dímheas sócmhainní caipitil***

Déantar dímheas réadmhaoine, fearais agus trealaimh agus amúchadh sócmhainní doláimhsithe a ríomh agus a mhuirearú i gcomhréir le Caighdeáin Chuntasaíochta an Rialtais Láir 17 agus Caighdeáin Chuntasaíochta an Rialtais Láir 31 faoi seach.

Seo a leanas na saolréanna úsáideacha agus na rátaí dímheasa/amúchta gaolmhara do phríomhaicmí sócmhainní caipitil.

| *Aicme sócmhainne* | *Saolré fhóinteach* | *Ráta dímheasa/ amúchta* |
|---|---|---|
| Foirgnimh | 50 bliain | 2% |
| Trealamh TF/Saotharlainne | 5 bliana | 20% |
| Feithiclí agus ionad | 10 mbliana | 10% |
| Bogearraí faighte/forbartha | 2-10 mbliana | 10%-50% |

***Fardail***

Áirítear ar fhardail ítimí tréidliachta ardtoirte arna luacháil ar mheánchostas ualaithe.

## Ráiteas faoi rialú inmheánach airgeadais

***Freagracht as an gcóras rialaithe airgeadais inmheánaigh***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, admhaím an fhreagracht atá orm a chinntiú go ndéanann an Roinn córas éifeachtach rialaithe airgeadais inmheánaigh a chothabháil agus a oibriú.

Feidhmítear an fhreagracht seo i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom agus mo chuid oibleagáidí eile mar Ard-Rúnaí. Chomh maith leis sin, ní féidir le haon chóras rialaithe airgeadais inmheánaigh ach dearbhú réasúnach seachas dearbhú iomlán a thabhairt go ndéantar sócmhainní a chosaint, idirbhearta a údarú agus a thaifeadadh i gceart, agus go ndéantar earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha a chosc nó go mbraithfí iad go tráthúil. Is próiseas leanúnach é an córas rialuithe airgeadais inmheánacha a chothabháil agus coimeádtar athbhreithniú leanúnach ar an gcóras agus ar a éifeachtúlacht.

***Seirbhísí roinnte***

Tá mo chuid freagrachtaí comhlíonta agam maidir le riachtanais an chomhaontaithe bainistíochta seirbhíse idir an Oifig seo agus an Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte maidir le seirbhísí comhroinnte AD agus párolla a sholáthar.

Táim ag brath ar litir dhearbhaithe ó Oifigeach Cuntasaíochta an Vóta don Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte go bhfeidhmítear na rialuithe cuí maidir le soláthar seirbhísí comhroinnte don Roinn seo.

***Timpeallacht rialaithe airgeadais***

Tá timpeallacht rialaithe ina bhfuil na heilimintí seo a leanas i bhfeidhm.

- Sannadh freagrachtaí airgeadais ar leibhéal na bainistíochta le cuntasacht chomhfhreagrach.
- Tá socruithe tuairiscithe curtha ar bun ag gach leibhéal inar sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais.
- Tá nósanna imeachta foirmiúla curtha ar bun chun teipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus chun gníomh ceartaitheach iomchuí a chinntiú.
- Tá Coiste Iniúchóireachta ann chun comhairle a chur orm maidir le mo chuid freagrachtaí as an gcóras rialaithe airgeadais inmheánach a chomhlíonadh.
- rinneadh doiciméadú ar nósanna imeachta maidir le príomhphróisis ghnó.
- Tá córais i bhfeidhm chun na sócmhainní a chosaint.

### *Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta*

Tá creat nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú bainistíochta rialta i bhfeidhm, lena n-áirítear leithscaradh dualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta.

- Tá córas buiséadaithe cuí ann le buiséad bliantúil a choinníonn an bhainistíocht shinsearach faoi athbhreithniú.
- Déanann an lucht bainistíochta sinsearaigh athbhreithniú rialta ar thuarascálacha airgeadais tréimhsiúla agus bliantúla a léiríonn an fheidhmíocht airgeadais i gcomparáid le réamh-mheastacháin.
- Feidhmíonn córas bainistíochta riosca laistigh den Roinn.
- Tá córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a áirithiú.
- Tá treoirlínte cuí maidir le rialú infheistíochta caipitil agus disciplíní foirmiúla bainistíochta tionscadail ann.

### *An Coiste Iniúchta agus Iniúchta Inmheánaigh*

Tá feidhm iniúchta inmheánaigh ag an Roinn le pearsanra cuí-oilte, a fheidhmíonn de réir cairte scríofa atá faofa agam. Tá a cuid oibre bunaithe ar anailís ar na rioscaí airgeadais a bhfuil an Roinn nochta dóibh agus tá a pleananna iniúchóireachta inmheánacha bliantúla, arna gceadú agam, bunaithe ar an anailís seo. Is é is aidhm do na pleananna sin na príomhrialuithe a chlúdach ar bhonn rollach thar thréimhse réasúnta. Déanaim féin agus an Coiste Iniúchóireachta athbhreithniú tréimhsiúil ar an bhfeidhm iniúchóireachta inmheánaí agus tá sí faoi réir measúnú cáilíochta seachtrach tréimhsiúil. Chuir mé nósanna imeachta i bhfeidhm lena chinntiú go leantar le tuarascálacha na feidhme iniúchta inmheánaigh.

Úsáideann an Roinn réimse meicníochtaí chun athbhreithniú agus measúnú leanúnach a dhéanamh ar a córais bainistíochta agus rialaithe airgeadais. Áirítear orthu sin an Grúpa Athbhreithnithe Creidiúnaithe, an Coiste Iniúchóireachta agus an Córas Bainistíochta Riosca.

Déanann an Grúpa Athbhreithnithe um Chreidiúnú, a bhfuil mé i mo chathaoirleach air, athbhreithniú ar thorthaí iniúchóireachta an Aontais agus déanann sé faireachán ar an dul chun cinn maidir le haghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna rialaithe sainaitheanta agus maidir leis na ceanglais chreidiúnaithe a leagtar síos le rialachán do ghníomhaireachtaí íocaíochta an Aontais a chomhlíonadh.

Tá an Roinn faoi réir iniúchta ag an bhfeidhm Iniúchóireachta Inmheánaí agus ag raon fairsing soláthraithe dearbhaithe seachtracha araon, lena n-áirítear an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste, Cúirt Iniúchóirí na hEorpa, Coimisiún an AE agus ag comhlacht deimhniúcháin neamhspleách – gnólacht cuntasaíochta gairmiúil – a dheimhníonn cuntais bhliantúla CERT agus CETFT. Sholáthair mé dearbhú bainistíochta don chomhlacht deimhniúcháin maidir le cuntais bhliantúla an Aontais, mar a cheanglaítear le Rialachán 2116/2021 ón gComhairle.

### *Soláthar*

Áirithíonn an Roinn go ndírítear go cuí ar dhea-chleachtas soláthair agus gach conradh á ndámhachtain agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm lena chinntiú go gcomhlíontar na treoirlínte ábhartha go léir. B'ionann an caiteachas ar earraí agus ar sheirbhísí gairmiúla agus ar sheirbhísí conraithe eile agus €195 mhilliún in 2025.

Chuir an Roinn sonraí de 66 chonradh neamhiomaíocha de bhreis ar €25,000 sa tuairisceán bliantúil maidir le ciorclán 40/2002 ar fáil don Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin.

*Neamhchomhlíonadh rialacha soláthair*

Chomhlíon an Roinn na treoirlínte cé is moite de 15 chonradh de bhreis ar €25,000 (gan CBL san áireamh) de €2.252 milliún san iomlán (gan CBL san áireamh) mar a leagtar amach thíos.

- Bronnadh naoi gconradh dar luach comhiomlán €1.004 milliún ar bhonn iomaíoch ar dtús ach ina dhiaidh sin sháraigh siad na tairseacha ábhartha don phróiseas iomaíoch sin.
- Bronnadh conradh amháin ar luach comhiomlán €84,000 ar bhonn iomaíoch ar dtús ach rinneadh é a chur siar/leanadh leis na híocaíochtaí ina dhiaidh sin tar éis an dáta éaga.
- Tháinig cúig chonradh dar luach comhiomlán €1.164 milliún chun cinn i gcás nár lorgaíodh formheas ex-ante roimh sholáthar neamhiomaíoch.

Áiríodh na conarthaí thuas sa tuairisceán bliantúil 40/2002 dá dtagraítear thuas.

Tá an Roinn tiomanta do leibhéal an tsoláthair neamhchomhlíontach a laghdú agus leanann sí de bheith ag díriú ar réimsí neamhchomhlíonta ar bhealach modheolaíoch pleanáilte. In 2025, chuir Lároifig an tSoláthair trí sheimineár gréasáin i láthair maidir le soláthar, mar atá

- an próiseas soláthair,
- bainistíocht ar conradh, agus
- an próiseas meastóireachta tairisceana.

Seolann Lároifig an tSoláthair tuarascálacha míosúla chuig na Rannóga chun sonraí faoi chonarthaí nua a dheimhniú, chun fógraí naoi mí agus cúig mhí a thabhairt maidir le conarthaí atá ag dul in éag, agus chun faisnéis úsáideach a chur ar fáil ar an ardán inmheánach EOLAS lena n-úsáid ag na Rannóga Soláthair. Moltar do rannáin dul i dteagmháil le Lároifig an tSoláthair go tráthúil maidir le cúrsaí a bhaineann le soláthar. Tá Lároifig an tSoláthair ar fáil chun athbhreithniú a dhéanamh ar dhoiciméid soláthair agus chun comhairle a chur ar fáil maidir leis na cleachtais is fearr a bhaineann le soláthar.

***Creat riosca agus rialaithe***

Leanadh de chóras bainistíochta riosca na Roinne a fhorbairt agus a fheabhsú le linn 2025.

- Oibríonn an Oifig Riosca, atá lonnaithe sa Rannán Airgeadais, go lánaimseartha chun bainistíocht riosca ghníomhach a chur chun cinn agus a fhorbairt ar fud na heagraíochta. Baintear é sin amach trí mheasúnú cáilíochta a dhéanamh ar na rioscaí ar an gclár riosca, trí thacaíocht a sholáthar do bhaill foirne aonair maidir le bainistiú riosca a chur chun feidhme, trí rannpháirtíocht le forbróirí an chórais eRisk chun an córas eRisk a fheabhsú agus trí Cheardlanna spriocdhírithe bainistíochta riosca a reáchtáil ar bhonn rannán ar rannán, chun dea-chleachtas a leabú i ndáil le bainistíocht riosca.
- Tagann an Coiste Riosca, atá faoi chathaoirleacht an Ard-Rúnaí Chúnta atá freagrach as rialachas agus a bhfuil ionadaíocht aige ar leibhéal Cheann an Rannáin ar fud na Roinne, le chéile ar bhonn ráithiúil agus soláthraíonn sé rialachas agus maoirseacht ar obair na hOifige Riosca.
- Tuairiscíonn an Coiste Riosca don Bhord Bainistíochta nuair a bhíonn grád 20 nó níos airde ag na rioscaí.
- Freastalaíonn an fhoireann Riosca ar Ghrúpa Líonraithe Bainistíochta Riosca na Státseirbhíse dhá uair sa bhliain.
- Rinne an Bord Bainistíochta polasaí riosca na Roinne a nuashonrú agus a fhormheas ar an 26 Iúil 2026.

- Cuireadh nósanna imeachta ráithiúla maidir le tuairisciú agus faireachán frithchalaoise chun feidhme agus coinnítear clár calaoise sa Rannán Airgeadais. Comhlánaítear na tuairisceáin ráithiúla calaoise trí Mhol Digiteach na Roinne ó Ráithe 1, 2024 i leith.
- Rinne an Bord Bainistíochta athbhreithniú ar bheartas calaoise na Roinne, ina gcuimsítear bearta frithchalaoise, agus rinne sé é a thabhairt cothrom le dáta agus a fhormheas i mí Dheireadh Fómhair 2025 agus táthar ag cur modúl oiliúna nua i bhfeidhm do gach ball foirne ó mhí Aibreáin 2026. Leanann an Oifig Riosca le comhlíonadh a chur chun cinn i measc na foirne go léir.

***Faireachán agus athbhreithniú leanúnach***

Bunaíodh nósanna imeachta foirmiúla chun faireachán a dhéanamh ar phróisis rialaithe, agus cuirtear easnaimh rialaithe in iúl dóibh siúd atá freagrach as gníomhaíocht cheartaitheach a dhéanamh agus don bhainistíocht agus don Bhord Bainistíochta, i gcás inarb ábhartha, ar bhealach tráthúil. Dearbhaím gur sainaithníodh príomhrioscaí agus rialuithe gaolmhara agus go bhfuil próisis curtha i bhfeidhm chun monatóireacht a dhéanamh ar oibriú na bpríomh-rialuithe sin agus aon easnaimh aitheanta a thuairisciú.

***Slándáil TFC***

Tá an Roinn tiomanta go láidir do shlándáil a córas TFC, le Rannán Slándála Faisnéise seanbhunaithe laistigh d'Fhaisnéis, Bainistíocht agus Teicneolaíocht a chlúdaíonn slándáil líonra, slándáil agus comhlíonadh faisnéise, agus cibearshlándáil. Mar fhreagra ar an méadú domhanda ar bhagairt ó bhogearraí mailíseacha agus haiceáil ríomhairí, tá foireann cibearshlándála a bhfuil taithí acu i bhfeidhm ag an Roinn. Oibríonn an fhoireann seo go réamhghníomhach chun a chinntiú go bhfuil na rialuithe agus na maoluithe teicniúla ábhartha i bhfeidhm ag an Roinn, le rochtain ar an Lárionad Náisiúnta Cibearshlándála agus ar shaineolaithe seachtracha más gá, agus tá siad ar thús cadhnaíochta maidir leis an bhfoireann a choinneáil ar an eolas faoi na rioscaí a bhaineann le Cibearshlándáil a bhaineann leis an bhfoireann atá ag obair go cianda.

Leanann an Roinn den staid slándála a neartú chun na hoibleagáidí slándála faoi Threoir NIS2 a chomhlíonadh, trí rannpháirtíocht leanúnach i Líonra Comhordúcháin agus Freagartha Cibearshlándála (CORE) Rialtas an Lárionaid Náisiúnta Cibearshlándála (NCSC) agus trí chloí le Caighdeáin Bhonnlíne Cibearshlándála na hEarnála Poiblí a d’fhoilsigh NCSC i mí na Samhna 2021, go háirithe trí fheabhas leanúnach a chur ar phróisis freagartha ar theagmhais agus trí phróisis ghnó chriticiúla a rianú ar fud rannáin uile na Roinne. Tá an Roinn réamhghníomhach freisin maidir le feasacht slándála faisnéise a chur chun cinn agus tá oiliúint éigeantach cibearshlándála curtha i bhfeidhm ar gach ball foirne.

Tá socruithe slándála TFC faoi réir athbhreithniú ag roinn iniúchóireachta TF an aonaid iniúchóireachta inmheánaí. Ina theannta sin, tá an Roinn faoi réir iniúchadh creidiúnaithe bliantúil ina ról mar ghníomhaireacht íocaíochta thar ceann an Aontais Eorpaigh. Tá creidiúnú ag an Roinn faoin gcaighdeán idirnáisiúnta ISO 27001: 2022 Cód Cleachtais um Bainistiú Slándála Faisnéise, mar bhonn dá slándáil TF. Mar chuid den phróiseas deimhniúcháin seo, tá an Roinn faoi réir iniúchtaí débhliantúla chun a chinntiú go gcomhlíonfar go leanúnach caighdeán Slándála Faisnéise ISO 27001: 2022. Déantar athbhreithniú neamhspleách ar na córais sin ar bhonn rialta. Tá nósanna imeachta cúltaca/aisghabhála doiciméadaithe i bhfeidhm le haghaidh na sonraí criticiúla uile, lena n-áirítear úsáid seirbhísí stórála slána lasmuigh den láthair agus saoráidí athshlánaithe ó thubaiste.

***Athbhreithniú ar éifeachtúlacht***

Tá nósanna imeachta ag an Roinn chun faireachán a dhéanamh ar éifeachtacht a nósanna imeachta bainistíochta riosca agus rialaithe. Bíonn faireachán agus athbhreithniú na Roinne ar éifeachtacht an chórais rialaithe airgeadais inmheánaigh bunaithe ar obair na n-iniúchóirí inmheánacha agus seachtracha agus na bainistíochta sinsearaí laistigh den Roinn atá freagrach as an gcreat rialaithe airgeadais inmheánach a fhorbairt agus a chothabháil.

***Saincheisteanna maidir le rialú inmheánach airgeadais***

Tá Athbhreithniú CBL déanta ag na Coimisinéirí Ioncaim don bhliain 2022 agus tá Athbhreithniú ÍMAT á dhéanamh acu don bhliain 2021 agus don bhliain 2022 ar an Roinn.

Maidir leis an athbhreithniú CBL do 2022 agus le nochtaí neamhspreagtha do 2021, 2023 agus 2024, d'íoc an Roinn méid iomlán €2.740 milliún in 2025 i leith dliteanas CBL (€2.192 milliún) agus ús gaolmhar (€548,044). Íocadh pionóis ghaolmhara dar luach €281,446 san iomlán i mí an Mhárta 2026 i socraíocht chríochnaitheach leis na Coimisinéirí Ioncaim.

Chun atarlú a mhaolú, cheannaigh agus chuir Rannán Cuntas agus Rannán Oiliúna na Roinne oiliúint spriocdhírithe CBL ar fáil don fhoireann laistigh den Rannán Cuntas. Tá an oiliúint sin á cur i bhfeidhm faoi láthair ar an bhfoireann ábhartha i ngach rannán den Roinn, agus tá breis agus 200 duine oilte go dtí seo.

Maidir leis an athbhreithniú ar ÍMAT, tá méid iomlán de €715,745 íoctha ag an Roinn go dtí seo i leith dliteanas ÍMAT (€563,290) agus ús gaolmhar (€152,455). Níor cuireadh an Roinn ar an eolas go fóill faoi phionóis ghaolmhara, is iad na Coimisinéirí Ioncaim a chinnfidh na pionóis sin ag céim níos déanaí. Tá an Roinn ag súil go dtabharfar an t-athbhreithniú sin chun críche go luath.

Tar éis dul i gcomhairle leis na Coimisinéirí Ioncaim, ní bheidh an Roinn ag iarraidh an cháin a aisghabháil ó na fostaithe ábhartha, toisc nach raibh na bearta riachtanacha i bhfeidhm le linn na tréimhse 2021 go 2024 chun na hasbhaintí Sochair Comhchineáil i bhfoirm airgid a dhéanamh ón bpárolla.

Níor sainaithníodh aon laige eile i rialuithe inmheánacha maidir le 2025 ar gá iad a nochtadh sa chuntas leithreasa.

**Sinéad McPhillips**
Oifigeach Cuntasaíochta
Talmhaíocht, Bia agus Mara

14 Meán Fómhair 2026

## An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste
## Tuarascáil le cur faoi bhráid Dháil Éireann

### Vóta 30 Talmhaíocht, Bia agus Mara
### Tuairim faoin gcuntas leithreasa

Rinne mé iniúchadh ar an gcuntas leithreasa do Vóta 30 Talmhaíocht, Bia agus Mara don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2025 faoi alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993.

Is é mo thuairimse go gcuirtear i láthair go cuí

- sa chuntas leithreasa fáltais agus caiteachas Vóta 30 Talmhaíocht, Bia agus Mara don bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2025, agus
- gur ullmhaíodh an cuntas leithreasa san fhoirm a d'ordaigh an tAire Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin.

***An bonn leis an tuairim***

Rinne mé m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta (ISAnna) arna gcur i bhfeidhm ag an Eagraíocht Idirnáisiúnta Uasfhoras Iniúchóireachta. Déantar cur síos ar mo chuid freagrachtaí faoi na caighdeáin sin san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo. Táim neamhspleách ar an Roinn Talmhaíocht, Bia agus Mara agus chomhlíon mé mo chuid freagrachtaí eiticiúla eile i gcomhréir leis na caighdeáin.

Creidim go bhfuil an fhianaise iniúchta atá aimsithe agam leordhóthanach agus cuí chun bunús a chur le mo thuairim.

### Tuarascáil ar an ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais agus ar nithe eile

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais i láthair i dteannta an chuntais leithreasa. Tá cur síos déanta ar na freagrachtaí atá orm as tuairisciú ar an bhfaisnéis atá sa ráiteas, agus ar nithe eile a dtuairiscím orthu de réir eisceachta, san aguisín a ghabhann leis an tuarascáil seo.

***Soláthar neamhchomhlíontach***

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta in iúl sa ráiteas faoin rialú inmheánach airgeadais gur tharla cásanna ábhartha de neamhchomhlíonadh na rialacha náisiúnta soláthair i leith conarthaí a bhí i bhfeidhm sa bhliain 2025, agus leag sé amach na bearta atá i bhfeidhm anois chun comhlíonadh a bhaint amach.

***Socruithe na gCoimisinéirí Ioncaim***

Chuir an tOifigeach Cuntasaíochta in iúl freisin sa ráiteas faoin rialú inmheánach airgeadais gur chomhaontaigh an Roinn socraíocht leis na Coimisinéirí Ioncaim tar éis athbhreithniú CBL don bhliain 2022, agus rinne sí nochtadh gan iarraidh do na Coimisinéirí Ioncaim maidir le CBL do na blianta 2021, 2023 agus 2024. Ba é €3.02 milliún an tsuim iomlán a íocadh leis na Coimisinéirí Ioncaim. Dliteanas CBL €2.192 milliún, ús €548,000 agus pionóis ghaolmhara €281,000 a bhí i gceist leis sin.

Rinne an Roinn íocaíocht eile freisin; €716,000 i leith a dliteanas ÍMAT don tréimhse 2021-2024. Tá ús €152,000 san áireamh san íocaíocht sin. Níor tugadh fógra don Roinn maidir le haon phionóis ghaolmhara nach bhfuil cinntithe ag na Coimisinéirí Ioncaim fós.

Cé gur bhain an dliteanas ÍMAT go príomha le sochair chomhchineála inchánacha i leith fostaithe áirithe, níl an Roinn ag iarraidh an cháin a aisghabháil ó na fostaithe sin.

***An Clár Foraoiseachta***

Déantar iniúchadh i gCaibidil 19 de mo *Thuarascáil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí*, don bhliain 2025 ar an dul chun cinn atá déanta maidir le spriocanna agus cuspóirí an chláir foraoiseachta a bhaint amach. Is ó Vóta 30 a mhaoinítear an clár.

**Seamus Mac Cárthaigh**
An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste

21 Meán Fómhair 2026

## Aguisín a ghabhann leis an tuarascáil ón Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste

### Freagrachtaí an Oifigigh Cuntasaíochta

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach as an méid seo a leanas

- an cuntas leithreasa a ullmhú i gcomhréir le halt 22 den Exchequer and Audit Departments Act, 1866
- a áirithiú go mbeidh an cuntas leithreasa i gcomhréir le ceanglais na *Nósanna Imeachta um Airgeadas Poiblí* ón Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin, agus le hordacháin eile ón Aire Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin
- rialtacht na n idirbheart a áirithiú, agus
- cibé rialú inmheánach a chur chun feidhme a chinneann an tOifigeach Cuntasaíochta a bheith riachtanach chun ullmhú an chuntais leithreasa a chumasú, saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu de dheasca calaoise nó earráide.

### Freagrachtaí an Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste

Ceanglaítear orm faoi alt 3 d'Acht an Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993 iniúchadh a dhéanamh ar an gcuntas leithreasa agus tuairisciú air sin do Dháil Éireann á rá cibé acu, i mo thuairimse, a chuirtear na fáltais agus an caiteachas a bhaineann leis an vóta i láthair i gceart sa chuntas.

Is é an cuspóir atá agam agus an t iniúchadh á dhéanamh dearbhú réasúnach a fháil maidir le cé acu atá nó nach bhfuil an cuntas leithreasa saor ó mhíráiteas ábhartha de dheasca calaoise nó earráide. Tá dearbhú réasúnach ina ardleibhéal dearbhaithe, ach ní ráthaíocht atá ann go mbraithfear le hiniúchadh a dhéantar i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta míráiteas ábhartha i gcónaí nuair is ann dó. Is féidir le míráitis eascairt as calaois nó earráid agus meastar go bhfuil siad ábhartha más rud é, ar bhonn aonair nó ar an gcomhiomlán, go bhféadfaí a mheas le réasún go mbeadh tionchar acu ar chinntí eacnamaíocha úsáideoirí a dhéantar ar bhonn an chuntais leithreasa.

Mar chuid d'iniúchadh i gcomhréir leis na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta, feidhmím breithiúnas gairmiúil agus coinním sceipteachas gairmiúil ar feadh an iniúchta. Ar an dóigh sin,

- Sainaithním na rioscaí a bhaineann le míráiteas ábhartha a thabhairt ar an gcuntas leithreasa, agus déanaim measúnú air sin, cibé acu de dheasca calaoise nó earráide; dearaim agus feidhmím nósanna imeachta iniúchóireachta atá freagrach do na rioscaí sin; agus faighim fianaise iniúchóireachta atá leordhóthanach agus iomchuí chun bonn a sholáthar le mo thuairim. Tá riosca níos mó ag baint le gan míráiteas ábhartha a thagann as calaois a bhrath ná ceann a thagann as earráid a bhrath, ós rud é gur féidir go mbeadh claonpháirteachas, brionnú, neamhghníomhartha intinneacha, mífhaisnéisí nó sárú ar rialú inmheánach i gceist le calaois.
- Faighim tuiscint ar rialú inmheánach atá ábhartha maidir leis an iniúchadh chun nósanna imeachta iniúchóireachta atá iomchuí sna himthosca a dhearadh, ach ní dhéanaim amhlaidh chun tuairim a léiriú ar éifeachtacht na rialuithe inmheánacha.
- Déanaim measúnú ar cé acu a comhlíonadh nó nár comhlíonadh forálacha cuntasaíochta na *Nósanna Imeachta um Airgeadas Poiblí* na Roinn Caiteachais Phoiblí, Bonneagair, Athchóiriúcháin Seirbhíse Poiblí agus Digitiúcháin.

Déanaim cumarsáid leis an Oifigeach Cuntasaíochta i leith, i measc ábhair eile, raon feidhme agus uainiú beartaithe an iniúchta agus torthaí iniúchóireachta suntasacha, lena n áirítear aon easnaimh shuntasacha sa rialú inmheánach a shainaithním le linn m'iniúchta.

**Aguisín a ghabhann leis an tuarascáil ón Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste (ar ar leanúint)**

Tuairiscím, mar eisceacht, más rud é, i mo thuairimse,

- Nach bhfuair mé an fhaisnéis agus na mínithe uile a d'éiligh mé le haghaidh m'iniúchta, nó
- nár leor na taifid chuntasaíochta chun gur féidir iniúchadh a dhéanamh go fonnmhar agus i gceart ar an gcuntas leithreasa, nó
- nach bhfuil an cuntas leithreasa ag teacht leis na taifid chuntasaíochta.

**Tuairisciú ar an ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais**

I dtaca le mo thuairim ar an gcuntas leithreasa, ní chlúdaítear ráiteas an Oifigigh Cuntasaíochta maidir le rialú inmheánach airgeadais, ná ní chuirim in iúl aon chineál conclúide dearbhaithe maidir leis sin.

I dtaca le m'iniúchadh ar an gcuntas leithreasa, ceanglaítear orm faoi na Caighdeáin Idirnáisiúnta Iniúchóireachta an ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais a léamh agus, ar an dóigh sin, breithniú a dhéanamh ar cé acu atá an fhaisnéis atá ann ar neamhréir ábhartha leis an gcuntas leithreasa nó leis an eolas a fhaightear ann le linn an iniúchta, nó más cosúil gur tugadh míráiteas ábhartha ina leith. Más rud é, bunaithe ar an obair atá déanta agam, go dtagaim ar an gconclúid go bhfuil míráiteas ábhartha ann, ceanglaítear orm an fíoras sin a thuairisciú.

**Tuairisciú ar ábhair eile**

Féachaim le fianaise eile a fháil faoi rialtacht idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Ceanglaítear orm a thuairisciú, faoi alt 3 den Acht um Ard Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú), 1993, má shainaithním aon chás ábhartha inarb amhlaidh nár cuireadh airgead poiblí i bhfeidhm chun na gcríoch atá beartaithe nó inarb amhlaidh nach raibh idirbhearta i gcomhréir leis na húdaráis a rialaíonn iad.

Ceanglaítear orm freisin, faoi Acht 1993, tuarascáil a ullmhú gach bliain ar cibé ábhair a eascraíonn as mo chuid iniúchtaí ar na cuntais leithreasa a mheasaim a bheith iomchuí. Sna cásanna sin, leis na tuarascálacha iniúchóireachta ar na cuntais leithreasa ábhartha tagraítear don chaibidil nó do na caibidlí ábhartha i mo *Thuarascáil bliantúil ar Chuntais na Seirbhísí Poiblí*.

# Vóta 30 Talmhaíocht, Bia agus Muir

## Cuntas Leithreasa 2025

| | | | | 2025 | 2024 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | **Soláthar sna meastacháin** | **Toradh iarbhír** | **Toradh iarbhír** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Caiteachas ar chláir** | | | | | |
| A | Sábháilteacht Bia, Sláinte Ainmhithe agus Plandaí agus Leas Ainmhithe | | | | |
| | *Bunmhéid* | 443,654 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 5,000 | | | |
| | *Forlíontach* | 52,041 | | | |
| | | | 500,695 | 479,933 | 418,030 |
| B | Tacaíocht agus Rialuithe Feirme/Earnála | | | | |
| | *Bunmhéid* | 1,088,703 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 21,500 | | | |
| | *Forlíontach* | 43,949 | | | |
| | | | 1,154,152 | 1,140,406 | 1,079,651 |
| C | Polasaí agus Straitéis | | | | |
| | *Bunmhéid* | 430,606 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 4,000 | | | |
| | *Forlíontach* | 5,398 | | | |
| | | | 440,004 | 430,042 | 456,783 |
| D | Earnáil Bia Mara | | | | |
| | *Bunmhéid* | 176,958 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 1,300 | | | |
| | *Forlíontach* | (3,388) | | | |
| | | | 174,870 | 170,201 | 169,373 |
| **Ollchaiteachas** | | | | | |
| | *Bunmhéid* | 2,139,921 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 31,800 | | | |
| | *Forlíontach* | 98,000 | | | |
| | | | **2,269,721** | **2,220,582** | **2,123,837** |
| *Bain as* | | | | | |
| E | **Leithreasaí-i-gcabhair** | | **406,516** | **418,329** | **476,437** |
| **Glanchaiteachas** | | | | | |
| | *Bunmhéid* | 1,733,405 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 31,800 | | | |
| | *Forlíontach* | 98,000 | | | |
| | | | **1,863,205** | **1,802,253** | **1,647,400** |

**Barrachas**

Tá an barrachas ar an méid a soláthraíodh thar an méid glan a cuireadh i bhfeidhm faoi dhliteanas chun é a ghéilleadh don Státchiste. Faoi alt 91 den Acht Airgeadais 2004, féadfar iomlán aon leithreasaí nár caitheadh le haghaidh seirbhísí soláthair caipitil, nó cuid díobh, a thabhairt anonn le haghaidh caiteachais an bhliain dár gcionn. Tugadh €29.091milliún de leithdháiltí nár caitheadh i leith ghnéithe caipitil an Vóta ar aghaidh go dtí 2026 (nóta 6.6).

| | **2025** | **2024** |
|---|---|---|
| | **€** | **€** |
| Barrachas | 60,952,000 | 115,733,405 |
| Géilleadh iarchurtha | (29,091,000) | (31,800,000) |
| **Barrachas atá le tabhairt suas** | **31,861,000** | **83,933,405** |

**Sinéad McPhillips**
Oifigeach Cuntasaíochta
Talmhaíocht, Bia agus Mara

27 Márta 2026

## Nótaí don Chuntas Leithreasa

### Nóta 1 Ráiteas faoin gCostas Oibriúcháin 2025

| | | 2025 | 2024 |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| Costas an chláir | | 1,822,866 | 1,742,280 |
| Pá | | 266,913 | 251,918 |
| Neamhphá | | 130,803 | 129,639 |
| **Ollchaiteachas** | | **2,220,582** | **2,123,837** |
| *Bain as* | | | |
| **Leithreasaí-i-gcabhair** | | **418,329** | **476,437** |
| **Glanchaiteachas** | | **1,802,253** | **1,647,400** |
| | | | |
| **Athruithe ar shócmhainní caipitil** | | | |
| ***Réadmhaoin, fearas agus trealamh (nóta 2.1)*** | | | |
| Ceannacháin | (5,740) | | |
| Dímheas | 4,679 | | |
| Diúscairtí airgid thirim | 127 | | |
| Brabús ar dhiúscairtí | (124) | | |
| Caillteanas lagaithe | 20 | | |
| ***Sócmhainní doláimhsithe (nóta 2.2)*** | | | |
| Ceannacháin | (14,617) | | |
| Coigeartú | 176 | | |
| Amúchadh | 1,487 | | |
| | | (13,992) | (8,493) |
| **Athruithe ar ghlansócmhainní reatha** | | | |
| Méadú ar fhardail | (36) | | |
| Laghdú ar réamhíocaíochtaí | 37,134 | | |
| Méadú ar ioncam fabhraithe | (71,615) | | |
| Méadú ar speansais fhabhraithe | 9,586 | | |
| Méadú ar ioncam iarchurtha | 4 | | |
| Méadú ar fhabhrú párolla | 1,598 | | |
| | | (23,329) | (86,944) |
| **Caiteachas díreach vótáilte** | | **1,764,932** | **1,551,963** |
| | | | |
| **Caiteachas a tabhaíodh in áit eile** | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara (nóta 1.1) | | 107,571 | 104,664 |
| Measchíos | | 9,298 | 8,027 |
| **Glanchostas an chláir** | | **1,881,801** | **1,664,654** |

## 1.1 Glanchaiteachas ar sheirbhísí gaolmhara

Is éard atá i suim an ghlanchaiteachais ar sheirbhísí comhghaolmhara na suimeanna a leanas i dtaca le Vóta 30 a tabhaíodh in áit eile.

| | | 2025 | 2024 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| Vóta 12 | Aoisliúntas agus Liúntais ar Scor | 102,372 | 98,013 |
| Vóta 13 | Oifig na nOibreacha Poiblí | 3,104 | 5,031 |
| Vóta 18 | An Oifig Náisiúnta um Sheirbhísí Comhroinnte | 665 | 371 |
| Vóta 20 | Garda Síochána | 600 | 281 |
| Vóta 43 | Oifig Phríomh-Oifigeach Faisnéise an Rialtais' | 607 | 774 |
| Príomh-Chiste — pinsin aireachta | | 223 | 194 |
| | | **107,571** | **104,664** |

## Nóta 2 Ráiteas ar an Staid Airgeadais amhail an 31 Nollaig 2025

| | Nóta | 2025 | 2024 |
|---|---|---|---|
| | | €000 | €000 |
| **Sócmhainní caipitil** | | | |
| Maoin, gléasra agus trealamh | 2.1 | 30,682 | 28,984 |
| Sócmhainní doláimhsithe | 2.2 | 26,245 | 13,291 |
| | | **56,927** | **42,275** |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Banc agus airgead tirim | 2.3 | 60,690 | 105,392 |
| Fardail | 2.4 | 3,964 | 3,928 |
| Réamhíocaíochtaí | 2.5 | 24,182 | 61,316 |
| Iarmhéideanna dochair eile | 2.6 | 7,443 | 17,561 |
| Ioncam fabhraithe | 2.7 | 264,033 | 192,418 |
| | | **360,312** | **380,615** |
| *Lúide* | | | |
| **Dliteanais reatha** | | | |
| Speansais fhabhraithe | 2.8 | 84,749 | 73,565 |
| Ioncam iarchurtha | 2.9 | 4 | — |
| Iarmhéideanna creidmheasa eile | 2.10 | 24,170 | 74,902 |
| Glanchistiú Státchiste | 2.11 | 43,963 | 48,051 |
| | | **152,886** | **196,518** |
| **Glansócmhainní reatha** | | **207,426** | **184,097** |
| **Glansócmhainní** | | **264,353** | **226,372** |
| **Arna n-ionadú ag:** | | | |
| **Cuntas cistithe stáit** | 2.12 | **264,353** | **226,372** |

## 2.1 Réadmhaoin, fearas agus trealamh

| | Talamh [a] | Foirgnimh | Feithiclí agus trealamh | Trealamh Oifige agus TF | Troscán agus feistis | Iomlán |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Costas nó luacháil** | | | | | | |
| Amhail an 1 Eanáir 2025 | 10,485 | 3,396 | 8,916 | 38,428 | 118 | 61,343 |
| Breiseanna | 500 | — | 859 | 4,381 | — | 5,740 |
| Diúscairtí | — | — | (209) | (2,871) | — | (3,080) |
| Coigeartú athluachála [b] | 485 | 175 | — | — | — | 660 |
| Amhail an 31 Nollaig 2025 | 11,470 | 3,571 | 9,566 | 39,938 | 118 | 64,663 |
| | | | | | | |
| **Dímheas carntha** | | | | | | |
| Amhail an 1 Eanáir 2025 | — | 67 | 5,854 | 26,379 | 59 | 32,359 |
| Dímheas don bhliain | — | 72 | 518 | 4,078 | 11 | 4,679 |
| Dímheas ar dhiúscairtí | — | — | (209) | (2,868) | — | (3,077) |
| Lagú | — | — | — | 20 | — | 20 |
| Amhail an 31 Nollaig 2025 | — | 139 | 6,163 | 27,609 | 70 | 33,981 |
| | | | | | | |
| **Glansócmhainní** | | | | | | |
| **Amhail an 31 Nollaig 2025** | **11,470** | **3,432** | **3,403** | **12,329** | **48** | **30,682** |
| Amhail an 31 Nollaig 2024 | 10,485 | 3,329 | 3,062 | 12,049 | 59 | 28,984 |

Nóta
[a] Leagtar amach in Aguisín A tailte faoi úinéireacht stáit atá á rialú nó á mbainistiú ag an Roinn nach bhfuil luachálacha acu.
[b] Baineann an coigeartú athluachála le haitheantas na talún agus na bhfoirgneamh den chéad uair. Rinne Tailte Éireann luacháil na dtailte agus na bhfoirgneamh a sainaithníodh tar éis an chleachtaidh luachála. Déantar talamh a luacháil ag luach cóir trí úsáid a bhaint as fianaise mhargadhbhunaithe bunaithe ar an úsáid is airde agus is fearr a bhaintear aisti agus tagairt á déanamh do luachanna talún inchomparáide. Déantar foirgnimh a luacháil ag luach cóir trí úsáid a bhaint as fianaise mhargadhbhunaithe.

## 2.2 Sócmhainní doláimhsithe

| | Bogearraí a fuarthas agus a forbraíodh | Sócmhainní atá á bhforbairt | Iomlán |
|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 |
| **Costas nó luacháil** | | | |
| Amhail an 1 Eanáir 2025 | 9,449 | 4,921 | 14,370 |
| Breiseanna | 191 | 14,426 | 14,617 |
| Curtha in úsáid | 4,022 | (4,022) | — |
| Coigeartú [a] | — | (176) | (176) |
| Amhail an 31 Nollaig 2025 | 13,662 | 15,149 | 28,811 |
| | | | |
| **Amúchadh carntha** | | | |
| Amhail an 1 Eanáir 2025 | 1,079 | — | 1,079 |
| Amúchadh don bhliain | 1,487 | — | 1,487 |
| Amhail an 31 Nollaig 2025 | 2,566 | — | 2,566 |
| | | | |
| **Glansócmhainní** | | | |
| **Amhail an 31 Nollaig 2025** | **11,096** | **15,149** | **26,245** |
| Amhail an 31 Nollaig 2024 | 8,370 | 4,921 | 13,291 |

Nóta [a] Baint costas a gearradh roimhe seo mar chostais sócmhainní doláimhsithe faoi fhorbairt iad.

## 2.3 Banc agus airgead tirim

| amhail an 31 Nollaig | 2025 | 2024 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Iarmhéideanna PMG | 60,016 | 104,741 |
| Iarmhéideanna cuntais bhainc tráchtála | 674 | 651 |
| | **60,690** | **105,392** |

## 2.4 Fardail

| amhail an 31 Nollaig | 2025 | 2024 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Soláthairtí tréidliachta | 3,618 | 3,594 |
| Beostoc | 320 | 293 |
| Fardal talmhaíochta | 15 | 29 |
| Trealamh sábháilteachta | 11 | 12 |
| | **3,964** | **3,928** |

## 2.5 Réamhíocaíochtaí

| amhail an 31 Nollaig | 2025 | 2024 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Ranníocaíochtaí don Chlár Domhanda Bia (nóta 6.5) | — | 35,000 |
| Deontais taighde, cáilíochta agus deimhniúcháin | 9,246 | 13,217 |
| Teicneolaíocht bainistíochta faisnéise | 6,217 | 4,634 |
| Eile | 6,127 | 5,856 |
| Rannchuidithe le tionscadail dhomhanda | 2,346 | 2,571 |
| Síntiúis | 246 | 38 |
| | **24,182** | **61,316** |

## 2.6 Iarmhéideanna dochair eile

| amhail an 31 Nollaig | 2025 | 2024 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Réamhíocaíochtaí tuarastail | 6,129 | — |
| Óinchistí agus costaisí taistil inaisghabhála | 162 | 156 |
| Dlite ón Státchiste | — | 5,874 |
| Réamhíocaíochtaí le OOP | 1,152 | 11,531 |
| | **7,443** | **17,561** |

## 2.7 Ioncam fabhraithe

| amhail an 31 Nollaig | 2025 | 2024 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Cistiú CETFT dlite ón AE | 251,694 | 168,388 |
| Cistí eile AE | 120 | 195 |
| Ró-íocaíochtaí scéime (nóta 6.2) | 2,487 | 13,832 |
| Dlite le haghaidh seirbhísí | 9,732 | 10,003 |
| | **264,033** | **192,418** |

## 2.8 Costais fabhraithe

| amhail an 31 Nollaig | 2025 | 2024 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Fabhruithe sonracha cláir | 64,711 | 55,388 |
| Costais riaracháin | 3,859 | 2,441 |
| Seirbhísí TF agus tacaíocht | 494 | 1,649 |
| Fabhruithe a bhaineann le párolla | 15,685 | 14,087 |
| | **84,749** | **73,565** |

## 2.9 Géilleadh iarchurtha

| amhail an 31 Nollaig | 2025 | 2024 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Ceadúnas mórdhíola | 4 | — |
| | **4** | **—** |

## 2.10 Iarmhéideanna creidmheasa eile

| amhail an 31 Nollaig | 2025 | 2024 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| **Suimeanna atá dlite don Stát** | | |
| Cáin ioncaim | 3,660 | 3,435 |
| Árachas sóisialach pá-choibhneasa | 2,781 | 2,464 |
| Cáin shiarchoinneálach | 1,946 | 1,914 |
| Cáin bhreisluacha | 1,463 | 1,395 |
| Cáin conarthaí ábhartha | 119 | 128 |
| Ranníocaíochtaí pinsin | 926 | 1,071 |
| Cáin réadmhaoine áitiúil | 21 | 17 |
| Muirear sóisialta uilíoch | 635 | 664 |
| | 11,551 | 11,088 |
| Urrúis | 763 | 669 |
| Táillí ceadúnaithe lotnaidí | 805 | 670 |
| Réamhíocaíochtaí AE | 5,288 | 58,872 |
| Ilghnéitheach | 5,763 | 3,603 |
| | **24,170** | **74,902** |

## 2.11 Glanmhaoiniú ón Státchiste

| amhail an 31 Nollaig | 2025 | 2024 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Barrachas le géilleadh | 31,861 | 83,933 |
| Géilleadh iarchurtha | 29,091 | 31,800 |
| Deontas Státchiste neamhtharraingthe | (16,989) | (67,682) |
| **Glanmhaoiniú Státchiste** | **43,963** | **48,051** |
| **Arna n-ionadú ag:** | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| Banc agus airgead tirim | 60,690 | 105,392 |
| Iarmhéideanna dochair: fionraíocht | 7,443 | 17,561 |
| | 68,133 | 122,953 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (11,551) | (11,088) |
| Iarmhéideanna creidmheasa: fionraí | (12,619) | (63,814) |
| | (24,170) | (74,902) |
| | **43,963** | **48,051** |

## 2.12 An cuntas cistithe stáit

| | Nóta | | 2025 | 2024 |
|---|---|---|---|---|
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid amhail an 1 Eanáir | | | 226,372 | 117,054 |
| Eisíocaíochtaí ón Vóta | | | | |
| Soláthar sna meastacháin | Cuntas | 1,863,205 | | |
| Géilleadh iarchurtha | Cuntas | (29,091) | | |
| Barrachas lena thabhairt suas | Cuntas | (31,861) | | |
| Glanvóta | | | 1,802,253 | 1,647,400 |
| An chéad uair a aithníodh réadmhaoin, gléasra agus trealamh | 2.1 | | 660 | 13,881 |
| Caiteachas a tabhaíodh in áit eile | 1.1 | | 107,571 | 104,664 |
| Measchíos | 1 | | 9,298 | 8,027 |
| Glanchostas cláir | 1 | | (1,881,801) | (1,664,654) |
| **Iarmhéid amhail an 31 Nollaig** | | | **264,353** | **226,372** |

## 2.13 Ceangaltais

| | 2025 | 2024 |
|---|---|---|
| **a) Ceangaltais dhomhanda** | **€000** | **€000** |
| amhail an 31 Nollaig | | |
| Earraí agus seirbhísí a sholáthar | 128,278 | 15,543 |
| Cláir deontais neamhchaipitil | 1,429,980 | 1,790,340 |
| Cláir deontais chaipitil | 886,611 | 710,808 |
| Tionscadal mórchaipitil | 1,622 | 27,130 |
| **Iomlán na gceangaltas atá infhorfheidhmithe le dlí** | **2,446,491** | **2,543,821** |

**b) Gealltanais an chláir deontais neamhchaipitil**

| | | | 2025 | 2024 |
|---|---|---|---|---|
| | **Dlite 2026** | **Blianta ina dhiaidh sin** | **Iomlán** | **Iomlán** |
| | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| Deontais don earnáil orgánach | 58,500 | 169,699 | 228,199 | 273,427 |
| Scéimeanna faoi stiúir áitiúil — reatha | 335,248 | 511,613 | 846,861 | 1,153,114 |
| Clár Domhanda Bia | 35,000 | 35,000 | 70,000 | 70,000 |
| Taighde bia | 23,773 | 72,707 | 96,480 | 89,786 |
| Scéim Feabhsúcháin Caorach | 20,451 | 20,452 | 40,903 | 22,832 |
| An Ciste Eorpach Muirí agus Iascaigh | 6,156 | 1,308 | 7,464 | 8,492 |
| Ciste Eorpach Muirí agus Iascach — babhta nua | 10,447 | — | 10,447 | 6,622 |
| SCEP agus Oiliúint SCEP | 49,000 | 48,683 | 97,683 | 151,605 |
| Leas caorach | — | — | — | 80 |
| An Scéim Leasa Mairteola Déiríochta CSP | 6,000 | 13,820 | 19,820 | — |
| Íocaíochtaí blianachta talún | 76 | 950 | 1,026 | 1,102 |
| Bainne agus torthaí scoile | 3,500 | — | 3,500 | 3,000 |
| Aistriú eolais | 997 | — | 997 | 8 |
| Clár Dobharcheantar Talmhaíochta Teagasc | 3,300 | 3,300 | 6,600 | 9,900 |
| Tionscadail LIFE | — | — | — | 372 |
| **Iomlán na gceangaltas atá infhorfheidhmithe le dlí** | **552,448** | **877,532** | **1,429,980** | **1,790,340** |

| c) Gealltanais an chláir deontais chaipitil | 2025 | 2024 |
|---|---|---|
| amhail an 31 Nollaig | €000 | €000 |
| Iarmhéid Tosaigh | 710,808 | 608,115 |
| Deontais a íocadh le linn na bliana | (220,100) | (177,162) |
| Gealltanais nua | 530,173 | 328,085 |
| Neamhghealltanais deontais | (134,270) | (48,230) |
| **Iomlán na gceangaltas atá infhorfheidhmithe le dlí** | **886,611** | **710,808** |

**d) Gealltanais an chláir deontais chaipitil**

| | | | 2025 | 2024 |
|---|---|---|---|---|
| | **Dlite 2026** | **Blianta ina dhiaidh sin** | **Iomlán** | **Iomlán** |
| | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| Foraoiseacht | 46,913 | 559,179 | 606,092 | 486,752 |
| Scéimeanna nuachóirithe talmhaíochta dírithe | 164,047 | — | 164,047 | 139,969 |
| Clár caipitil na nIonad Cuan Iascaigh | 9,461 | 13,817 | 23,278 | 30,460 |
| SBCI — scéimeanna iasachta | 16,396 | 33,700 | 50,096 | 10,036 |
| Scéim gairneoireachta | 4,760 | — | 4,760 | 1,574 |
| An tIonad Náisiúnta Taighde agus Nuálaíochta um Inbhuanaitheacht Talmhaíochta (NASRIC) | — | — | — | 1,572 |
| Athchóiriú lóistín mac léinn Bhéal Átha hÉis | 1,300 | 1,400 | 2,700 | 2,700 |
| Scéimeanna faoi stiúir áitiúil — caipiteal | — | — | — | 1 |
| Ciste Eorpach Muirí agus Iascaigh — caipiteal | 1,265 | — | 1,265 | 3,375 |
| Tionscnamh bia LEADER | — | — | — | 150 |
| Deontais infheistíochta caipitil | 11,515 | 16,890 | 28,405 | 34,219 |
| Saotharlann Taighde Féaraigh i bPáirc an Mhúraigh | 3,000 | 2,800 | 5,800 | — |
| Scéim um Nuálaíocht agus um Éagsúlú | 168 | — | 168 | — |
| **Iomlán na gceangaltas atá infhorfheidhmithe le dlí** | **258,825** | **627,786** | **886,611** | **710,808** |

**e) Gealltanais tionscadal mórchaipitil**

| Tionscadal | Caiteachas carnach go dtí an 31 Nollaig 2023 | Caiteachas in 2025 | Gealltanais tionscadail sna blianta ina dhiaidh sin | Caiteachas iomlán ionchasach an tionscadail 2025 | Caiteachas iomlán ionchasach an tionscadail 2024 |
|---|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 | €000 |
| Críochfort 7 Europort Ros Láir [a] | 74,090 | 16,482 | 1,622 | 92,194 | 101,220 |
| | **74,090** | **16,482** | **1,622** | **92,194** | **101,220** |

Nóta [a] Tá an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara ina comhbhunaitheoir (43%) ar thógáil saoráide teorann ag Calafort Ros Láir – Críochfort 7. Nuair a bheidh sé críochnaithe, taispeánfar an tsócmhainn sheasta sin ar ráiteas Oifig na nOibreacha Poiblí faoi Vóta 13 maidir le staid airgeadais.

## 2.14 Léasanna Oibriúcháin

| **a) Léasanna oibriúcháin (léasóir)** | **2025** | **2024** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Ioncam léasa oibriúcháin don bhliain | 22 | 22 |

| amhail an 31 Nollaig | **2025** | **2024** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Seo a leanas na híocaíochtaí léasa íosta comhiomlána a gheofar faoi léasanna oibriúcháin neamh-inchealaithe amach anseo | | |
| Laistigh de bhliain amháin | 22 | 22 |
| Idir 1 agus 5 bliana | 11 | 44 |
| Níos déanaí ná 5 bliana | — | — |
| Iomlán na léasanna infhála oibriúcháin neamh-inchealaithe | **33** | **66** |

| b) Léasanna oibriúcháin (léasaí) | 2025 €000 | 2024 €000 |
|---|---|---|
| Costas léasa oibriúcháin don bhliain | 19 | 19 |

| amhail an 31 Nollaig | 2025 €000 | 2024 €000 |
|---|---|---|
| Seo a leanas na híocaíochtaí léasa íosta comhiomlána amach anseo a bheidh le híoc faoi léasanna oibriúcháin neamh-inchealaithe | | |
| Laistigh de bhliain amháin | 19 | 19 |
| Idir 1 agus 5 bliana | — | 19 |
| Níos déanaí ná 5 bliana | — | — |
| Iomlán na ngealltanas léasa oibriúcháin neamh-inchealaithe | **19** | **38** |

## 2.15 Dliteanais theagmhasacha

**Oibríochtaí AE**

1. Tá an Roinn ar an eolas faoi smachtbhannaí féideartha i ndáil le hábhair a sainaithníodh tar éis fiosrúchán riaracháin de bhun Airteagal 102(2) de Rialachán um Rialú an AE 1224/2009 maidir le cúrsaí rialaithe iascaigh mhara. Tá an tÚdarás um Chosaint Iascaigh Mhara, atá neamhspleách maidir le cúrsaí oibríochtúla, gníomhach chun aghaidh a thabhairt ar na torthaí. Tá cineál agus uainiú aon dliteanais a d'fhéadfadh a bheith ann fós éiginnte.

Tar éis iniúchadh a rinne an Coimisiún in 2018, fuair Éire cinneadh foirmiúil maidir le rún an Choimisiúin fiosrúchán riaracháin a dhéanamh faoi Airteagal 102(2) de Rialachán 2009 an Aontais maidir le Rialú ar Iascach chun meastóireacht a dhéanamh ar chumas na hÉireann rialacha an Chomhbheartais Iascaigh (CBI) a chur i bhfeidhm. Cuireadh torthaí an fhiosrúcháin in iúl d'Éirinn i mí na Nollag 2020. Is ábhair forfheidhmithe dlí d'údaráis rialaithe na hÉireann iad faireachán agus rialú a dhéanamh ar shoithí iascaireachta laistigh de Limistéar Iascaigh Eisiach na hÉireann. Faoin Acht Iascaigh Mhara agus Dlínse Muirí 2006, baineann gach saincheist oibríochta den chineál seo go heisiach leis an Údarás um Chosaint Iascaigh Mhara (SFPA) agus leis an tSeirbhís Chabhlaigh.

Go príomha, shainaithin an Coimisiún easnaimh a bhaineann le rialú éifeachtach ar iascaigh pheiligeacha, saincheisteanna a bhaineann le tearcthuairisciú ghabhálacha na speiceas sin; córas smachtbhannaí neamhleor agus neamhéifeachtach i leith cionta arna ndéanamh ag oibreoirí; agus easpa rialaithe agus forfheidhmithe ar ghabhálacha tuinníní gorma ag soithí áineasa.

Chuir an tÚdarás um Chosaint Iascaigh Mhara le tacaíocht ó oifigigh na Roinne, nuair a bhí tairbhe ag baint leis, tús le próiseas rannpháirtíochta le Coimisiún an AE. Leis an rannpháirtíocht leis an gCoimisiún, bhíothas in ann meastóireacht iomlán a dhéanamh ar thorthaí an fhiosrúcháin agus breithniú a dhéanamh ar na gníomhaíochtaí a shainaithin an Coimisiún. Táthar ag fanacht faoi láthair ar ghníomhaíocht fhoirmiúil ón gCoimisiún maidir le haon chéimeanna eile a d’fhéadfadh sé a ghlacadh. Tuigtear, áfach, go measann an tÚdarás um Chosaint Iascaigh Mhara gur thug sé aghaidh den chuid is mó ar na teipeanna a shainaithin AS Mare in iniúchadh 2018 agus ar thorthaí an fhiosrúcháin riaracháin. Chomh maith leis sin, tá plean rialaithe nua atá formheasta ag an gCoimisiún i bhfeidhm in Éirinn agus glacadh leis sin mar admháil go bhfuil céimeanna dearfacha á nglacadh ag Éirinn chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna a leagtar amach san fhiosrúchán.

2. Tá an Roinn ar an eolas freisin faoi dhícheadú féideartha i ndáil leis na próisis iniúchóireachta seo a leanas atá ar siúl faoi láthair. Tá méid nó uainiú iarbhír aon dliteanais fhéideartha éiginnte.

- Iniúchóireacht 2024 ar Scéimeanna CCRR Caiteachas CERT agus CETFT faoin bPlean Straitéiseach CBT (plean straitéiseach CBT) atá ann faoi láthair agus faoin gclár CBT a bhí ann roimhe seo freisin. Iniúchadh raon feidhme an-leathan a bhí ann agus fuair an Roinn dhá litir torthaí ina dhiaidh sin, ceann amháin maidir leis an gclár CBT roimhe sin a fuarthas an 14 Deireadh Fómhair 2024 agus an dara ceann maidir le torthaí phlean straitéiseach CBT a fuarthas an 3 Nollaig 2024. Tá cruinniú déthaobhach le AS na Talmhaíochta agus na Forbartha Tuaithe maidir leis an iniúchadh seo beartaithe do mhí Aibreáin 2025. Ina dhiaidh sin, d'iarr na hiniúchóirí tuilleadh faisnéise ar an nGníomhaireacht Íocaíochta a cuireadh ar fáil do AS na Talmhaíochta agus na Forbartha Tuaithe. Táthar ag fanacht anois leis an litir chríochnaitheach um dhúnadh/idir-réiteach ó AS na Talmhaíochta agus na Forbartha Tuaithe.
- Iniúchadh 2025 maidir le Scéim Eagraíochtaí Táirgeoirí Torthaí agus Glasraí. Díríodh an t-iniúchadh seo go mór ar obair an Chomhlachta Deimhniúcháin, EY agus rinneadh é i gceanncheathrú an Chomhlachta Deimhniúcháin. Fuarthas an litir faoi thorthaí an 1 Eanáir 2025 i gcás inar thug AS na Talmhaíochta agus na Forbartha Tuaithe dá haire torthaí i ndáil leis an nGníomhaireacht Íocaíochta (an Roinn Talmhaíochta agus Bia Mara) agus leis an gComhlacht Deimhniúcháin. D'aithin AS na Talmhaíochta agus na Forbartha Tuaithe easnamh tromchúiseach féideartha maidir le ceapadh an chórais rialachais faoi phlean straitéiseach CBT 2023-2027. Maidir leis na bearta faoi CBT 2014-2022, d'aithin siad easnamh i bpríomhrialú amháin, mar atá, seiceálacha ar an láthair a dhéanamh ar cháilíocht leordhóthanach maidir le hiarratais ar chabhair agus maidir le haitheantas d'eagraíocht táirgeoirí/chumann eagraíochtaí táirgeoirí a choinneáil.
- Cuireadh an freagra maidir leis an litir thorthaí sin ar ais chuig AS na Talmhaíochta agus na Forbartha Tuaithe an 1 Nollaig 2025. Is próiseas leanúnach é an t-iniúchadh seo agus tá an cruinniú déthaobhach sceidealaithe do mhí Aibreáin 2026.
- Imréiteach Cuntas 2023 do Bhliain Airgeadais 2022 agus Iniúchadh Comhréireachta maidir leis an Scéim um Nuachóiriú Talmhaíochta Spriocdhírithe a eascraíonn as an gcleachtadh imréitigh. Thug AS na Talmhaíochta agus na Forbartha Tuaithe an t-iniúchadh sin chun críche i mí na Bealtaine 2025 gan aon cheartúchán airgeadais.

**Scéimeanna ráthaíochta creidmheasa**

Sheol an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta (RFTF) an Scéim Ráthaíochta Creidmheasa COVID-19 i mí Mheán Fómhair 2020 chun cabhrú le gnólachtaí a raibh tionchar diúltach ag COVID-19 orthu agus a dúnadh d’iasachtú an 30 Meitheamh 2022. Rinneadh comhaontú idir RFTF agus an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara (RTBM) chun feirmeoirí agus na hearnálacha agraibhia agus bia mara a áireamh sa scéim.

Chuir an Scéim Ráthaíochta Creidmheasa COVID-19 ráthaíocht Stáit 80% ar fáil d'iasachtóirí rannpháirteacha ar shaoráidí iasachta suas le huasmhéid €2 bhilliún. Forbraíodh an Scéim i gcomhréir le Creat Sealadach an Choimisiúin Eorpaigh maidir le Státchabhair agus bhí sí ar fáil d’fhiontair bheaga agus mheánmhéide (FBManna), do chuideachtaí meánchaipitlithe beaga agus do tháirgeoirí príomhúla a chomhlíon na critéir incháilitheachta.

Sheol RFTF Scéim Ráthaíochta Creidmheasa na hÚcráine i mí Eanáir 2023 agus dhún sí d’iasachtú an 31 Nollaig 2024. Forbraíodh an Scéim chun cabhrú le gnólachtaí a raibh tionchar ag méaduithe costais a d’eascair as an gcoinbhleacht san Úcráin orthu. Rinneadh comhaontú idir RFTF agus an RTBM chun feirmeoirí agus na hearnálacha agraibhia agus bia mara a áireamh sa scéim.

Chuir Scéim Ráthaíochta Creidmheasa na hÚcráine iasachtaí €1.2 billiún ar fáil do FBManna agus do chuideachtaí meánchaipitlithe beaga chun críocha caipitil oibre agus infheistíochta. Tá iasachtaí suas le €1 mhilliún ar fáil ó iasachtóirí rannpháirteacha, lena n-áirítear bainc, soláthraithe neamhbhainc agus comhair chreidmheasa. Is í Corparáid Baincéireachta Straitéiseach na hÉireann a riarann an Scéim.

I gcás gach ceann de na Scéimeanna sin, íocann an Stát (an ráthóir) an ráthaíocht leis an iasachtóir rannpháirteach ar an bpríomh-iarmhéid gan íoc neamh-aisghabhála ar iasacht i gcás ina mainníonn iasachtaí ar na haisíocaíochtaí. Tá dliteanas RTBM teoranta don phríomh-iarmhéid a bhaineann le hiasachtaí d’fheirmeoirí agus d’earnálacha an agraibhia agus an bhia mara.

Ba é €40.188 milliún an neamhchosaint uasta iomlán don Roinn i ndáil le hiasachtaí gan íoc amhail an 31 Nollaig 2025 (2024: €53.977 milliún). Meastar faoi láthair gurb ionann éilimh agus €400,000 in aghaidh na bliana. Comhcheanglaíodh glanchaiteachas ar na scéimeanna sin €58,926 le haghaidh 2025, €196,000 le haghaidh 2024 agus €237,000 le haghaidh 2023 agus €225,390 le haghaidh 2022.

Ní mór do ghnólachtaí a bhaineann leas as na Scéimeanna seo préimh bheag a íoc leis an Roinn. Íoctar éilimh i gcoinne na ráthaíochta le hiasachtóirí rannpháirteacha ó fho-cheannteideal C.10 scéim iasachta Chorparáid Baincéireachta Straitéiseach na hÉireann. Íocann RFTF costais na n-íocaíochtaí le Corparáid Baincéireachta Straitéiseach na hÉireann chun an scéim a oibriú.

**Eile**

Tá athbhreithniú ÍMAT á dhéanamh ag na Coimisinéirí Ioncaim do 2021 agus 2022 agus tá sé le tabhairt chun críche go luath. Tar éis a shuí go bhfuil dliteanas ÍMAT ann don tréimhse seo, tá sainchomhairleoirí cánach fostaithe ag an Roinn chun méid an dliteanais sin a shoiléiriú agus tá sí ag súil le nochtadh spreagtha a dhéanamh i R4 2026.

Tá baint ag an Roinn le roinnt imeachtaí dlíthiúla atá ar feitheamh a d’fhéadfadh dliteanais a chruthú, ag brath ar thoradh na dlíthíochta. Tá aon mhéid iarbhír nó uainiú na ndliteanas féideartha éiginnte.

## 2.16 Dliteanais eile

**Scéim Iasachta um Fhás sa Todhchaí**

Is iasacht infheistíochta caipitil fhadtéarmach í an Scéim Iasachta um Fhás sa Todhchaí a d'fhorbair RTBM agus RFTF, i gcomhpháirtíocht leis an Roinn Airgeadais, Corparáid Baincéireachta Straitéiseach na hÉireann agus an Ciste Eorpach Infheistíochta (CEI).

Bhain an Scéim Iasachta um Fhás sa Todhchaí tairbhe as ráthaíocht ón Aontas Eorpach faoin gCiste Eorpach le haghaidh Infheistíochtaí Straitéiseacha (CEIS).
Sheol Corparáid Baincéireachta Straitéiseach na hÉireann an Scéim i mí an Mheithimh 2019 agus dúnadh í d'iarratasóirí i mí an Mhárta 2023. Tá an tréimhse aisíocaíochta le tabhairt chun críche an 31 Márta 2033.

Rinneadh é a sheachadadh trí sholáthraithe airgeadais rannpháirteacha agus rinneadh suas le €300 milliún d'iasachtaí infheistíochta a chur ar fáil do ghnólachtaí incháilithe Éireannacha, lena n-áirítear feirmeoirí agus na hearnálacha agraibhia agus bia mara. Bhí praghas iomaíoch ar na hiasachtaí (uasráta úis iasachta tosaigh de 4.5% le haghaidh iasachtaí níos lú ná €250,000), bhí siad ar feadh téarmaí 8-10 mbliana agus thacaigh siad le hinfheistíocht straitéiseach fhadtéarmach i dtimpeallacht iar-Brexit. Íosmhéid iasachta €100,000 suas le huasmhéid €3,000,000 in aghaidh an iarratasóra a cuireadh isteach.

Spreag tionchar suntasach tobann airgeadais phaindéim COVID-19 ar ghnólachtaí seoladh an dara tráinse €500 milliún in 2020, agus bhí suas le 40% ar fáil don earnáil agraibhia.

B'ionann costas an €300 milliún tosaigh a bhí ar fáil agus €62 mhilliún, ar mhaoinigh RTBM €25 mhilliún de.

Is éard a bhí sa chostas acmhainneachta méadaithe ná €106 mhilliún, agus €42 mhilliún de sin á sholáthar ag RTBM.

Is scéim iasachta roinnte riosca (poiblí/príobháideach) é an Scéim Iasachta um Fhás sa Todhchaí agus cistíonn an t-airgead poiblí na ráthaíochtaí iasachta. De réir mar a aisíoctar iasachtaí, bíonn an t-airgead poiblí inaisíoctha leis an Stát.

**Costas díreach na Scéime Iasachta um Fhás sa Todhchaí do Vóta 30 Talmhaíocht, Bia agus Muir**

| | 2019 – 2024 | 2025 | 2026-2033 | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 |
| ***Foráil chéad chaillteanais*** | | | | |
| Céad chaillteanas CEI | 47,800 | — | — | 47,800 |
| Céad chaillteanas Chorparáid Baincéireachta Straitéiseach na hÉireann | 9,577 | — | — | 9,577 |
| ***Táillí bainistíochta*** [b] | | | | |
| Táillí bainistíochta CEI | 2,387 | 300 | 2,273 | 4,960 |
| Táillí bainistíochta Chorparáid Baincéireachta Straitéiseach na hÉireann | 4,559 | — | — | 4,559 |
| **Costas iomlán** [a] | **64,323** | **300** | **2,273** | **66,896** |

Nóta [a] Athrófar na costais iomlána ag deireadh na scéime, nuair a bheidh luach iomlán an chaiteachais ar éilimh mhainneachtana ar eolas, agus asbhainfear é ó na ranníocaíochtaí céadchaillteanais a rinne an Roinn. Cuirfear an t-iarmhéid ar fáil don Roinn ag an bpointe sin, rud a laghdóidh costas na scéime.

[b] Íocadh táillí bainistíochta sna blianta 2020, 2024 agus 2025 trí fhoráil ‘céadchaillteanais’ nár úsáideadh a bhí ar fáil faoin Scéim Iasachta Tacaíochta Sreabhadh Airgid Talmhaíochta (ACSLS)– agus a bhí dlite do DAFM ó SBCI – a fhritháireamh ina gcoinne, agus na smachtbhannaí iomchuí a chur I bhfeidhm. Faoin gcomhaontú conarthach leis an gCiste Eorpach Infheistíochta maidir leis an Scéim Iasachtaí um Fhás sa Todhchaí, tá gealltanas €2.273 milliún ag an Roinn i dtaca le táillí bainistíochta do 2026 agus ina dhiaidh sin.

**Anailís ar iasachtaí Scéim Iasachta um Fhás sa Todhchaí a eisíodh go dtí seo le haghaidh Vóta 30**

| | Iasachtaí a eisíodh 2019 – 2025 | |
|---|---|---|
| | Líon na n-iasachtaí | Luach na n-iasachtaí |
| | | €000 |
| Iasachtaí a tarraingíodh síos | 1,589 [a] | 235,914 |
| Iasachtaí aisíoctha | 217 | 32,258 |
| Iasachtaí Beo (méid aisíoctha) | 1,327 | 94,562 |
| **Iarmhéid gan íoc** | **1,327** | **102,498**[b] |

Nóta [a] Baineadh iasacht amháin den phunann ag an iasachtóir ar aghaidh toisc nach raibh cuspóir na hiasachta i gcomhréir leis na cinn a cheadaítear i dtéarmaí agus coinníollacha na scéime.

[b] Ní áirítear éilimh íoctha ná iasachtaí nár haisíocadh san iarmhéid.

**Scéim Iasachta um Fhás agus Inbhuanaitheachta**

Is iasacht infheistíochta fhadtéarmach í an Scéim Iasachta um Fhás agus Inbhuanaitheachta a seoladh i mí Mheán Fómhair 2023, arna soláthar ag Corparáid Baincéireachta Straitéiseach na hÉireann lena soláthraítear ráthaíocht neamhchaidhpeáilte 80% d'iasachtóirí rannpháirteacha. Soláthraíonn Grúpa an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta frithráthaíocht do Chorparáid Baincéireachta Straitéiseach na hÉireann ionas go mbeidh sciar an riosca don scéim mar seo a leanas: 20% soláthraithe airgeadais, 16% Corparáid Baincéireachta Straitéiseach na hÉireann agus 64% Grúpa an Bhainc Eorpaigh Infheistíochta.

Tá íosmhéid 30% de mhéid an iasachtaithe dírithe ar chuspóirí inbhuanaitheachta comhshaoil agus é mar aidhm leis sin cabhrú le FBManna infheistíocht a dhéanamh san inbhuanaitheacht agus san éifeachtúlacht fuinnimh. Is le haghaidh iasachtaí le haghaidh infheistíochtaí straitéiseacha atá an chuid eile (suas le) 70% den iasachtú d'fhonn táirgiúlacht agus iomaíochas a mhéadú agus, ar an gcaoi sin, bonn taca a chur faoi inbhuanaitheacht agus fás gnó amach anseo.

Roinneann RFTF agus RTBM na costais a bhaineann leis an Scéim Iasachta Fáis agus Inbhuanaitheachta ar bhonn 60:40. Tacaíonn ranníocaíocht RTBM leis an Scéim Iasachta um Fhás agus Inbhuanaitheachta le suas le 40% d'iasachtú don earnáil agraibhia.

Beidh na costais a bhaineann le scéim €500 milliún thart ar €117.3 milliún, agus cuirfidh RTBM €45 mhilliún ar fáil idir 2022 agus 2026. Cumhdaítear leis an gcistiú sin ráthaíocht chéadchaillteanais (i.e. na ráthaíochtaí Stáit chun an chéad chuid de chaillteanais ar aon mhainneachtain a chumhdach) agus costais riaracháin le haghaidh CEI agus Corparáid Baincéireachta Straitéiseach na hÉireann araon.

Tá an scéim ar fáil ar feadh trí bliana nó go dtí go mbeidh sí suibscríofa go hiomlán leis an tréimhse aisíocaíochta atá le tabhairt chun críche an 30 Meitheamh 2036.

Is scéim iasachta roinnte riosca (poiblí/príobháideach) é an Scéim Iasachta um Fhás agus Inbhuanaitheachta agus cistíonn an t-airgead poiblí na ráthaíochtaí iasachta. De réir mar a aisíoctar iasachtaí, bíonn an t-airgead poiblí inaisíoctha leis an Stát.

**Costas díreach na Scéime Iasachta um Fhás agus Inbhuanaitheachta do Vóta 30 Talmhaíocht, Bia agus Muir**

| | 2022-2024 | 2025 | 2026-2036 | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| | €000 | €000 | €000 | €000 |
| ***Foráil chéad chaillteanais*** | | | | |
| Céad chaillteanas CEI | 26,000 | — | — | 26,000 |
| Céad chaillteanas Chorparáid Baincéireachta Straitéiseach na hÉireann | 3,252 | — | — | 3,252 |
| ***Táillí bainistíochta*** [b] | | | | |
| Táillí bainistíochta CEI | 1,449 | 696 | 3,697 | 5,842 |
| Táillí bainistíochta Chorparáid Baincéireachta Straitéiseach na hÉireann | 4,846 | 3,948 | 400 | 9,194 |
| **Costas iomlán** [a] | **35,547** | **4,644** | **4,097** | **44,288** |

Nóta [a] Athrófar na costais iomlána ag deireadh na scéime, nuair a bheidh luach iomlán an chaiteachais ar éilimh mhainneachtana ar eolas, agus asbhainfear é ó na ranníocaíochtaí céadchaillteanais a rinne an Roinn. Cuirfear an t-iarmhéid ar fáil don Roinn ag an bpointe sin, rud a laghdóidh costas na scéime.

[b] Íocadh táillí bainistíochta sna blianta 2020, 2024 agus 2025 trí fhoráil 'céadchaillteanais' (first loss provision) a bhí ar fáil agus gan úsáid aige – agus a bhí dlite ag SBCI do DAFM faoin Scéim Iasachtaí Tacaíochta Sreabhadh Airgid sa Talmhaíocht (ACSLS) – a fhritháireamh ina gcoinne, faoi réir na gceaduithe cuí.

Faoin gcomhaontú conarthach leis an gCiste Eorpach Infheistíochta maidir leis an Scéim Iasachtaí um Fhás sa Todhchaí, tá gealltanas €4.097 milliún ag an Roinn i dtaca le táillí bainistíochta do 2026 agus ina dhiaidh sin.

**Anailís ar iasachtaí na Scéime Iasachta um Fhás agus Inbhuanaitheachta a eisíodh go dtí seo le haghaidh Vóta 30**

| | Iasachtaí a eisíodh 2023-2025 | |
|---|---|---|
| | Líon iasachtaí | Luach iasachtaí |
| | | €000 |
| Iasachtaí a tarraingíodh síos | 737 | 97,213 |
| Iasachtaí aisíoctha | 12 | 983 |
| Iasachtaí ar mainníodh iontu | — | — |
| Iasachtaí Beo (méid aisíoctha) | 725 | 11,430 |
| **Iarmhéid gan íoc** [a] | **725** | **84,800** |

## 2.17 Tionchar athruithe ar bheartais chuntasaíochta

Ó 1 Eanáir 2024 amach, tá caighdeáin cuntasaíochta an rialtais láir á gcur i bhfeidhm ar bhonn céimnithe. Chun an t-aistriú chuig Caighdeáin Chuntasaíochta an Rialtais Láir a éascú, deonaíodh maolú mar atá leagtha amach sa chuid maidir leis an ráiteas faoi bheartais chuntasaíochta i réamhrá an Oifigigh Cuntasaíochta. Bhí an tionchar seo a leanas ag an gcur chun feidhme ar iarmhéid cistithe an Stáit sa bhliain chuntais.

| | 2025 | 2024 |
|---|---|---|
| | €000 | €000 |
| Aitheantas den chéad uair ar shócmhainní maoine [a] | 660 | 13,881 |
| Fabhrú saoire [b] | — | (7,329) |
| Fabhrú párolla [b] | — | (6,758) |
| | **660** | **(206)** |

Nóta [a] CGAS 17 Réadmhaoin, gléasra agus trealamh

[b] CGAS 39 A Sochair Fostaithe Cuid A

## Nóta 3 Caiteachas Vóta

### Anailís ar chaiteachas riaracháin

Rinneadh caiteachas riaracháin a leagtar amach thíos a chionroinnt ar fud na gclár, chun costálacha iomlána an chláir a chur i láthair.

| | | | | 2025 | | 2024 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | Soláthar sna meastacháin | Toradh iarbhír | Toradh iarbhír |
| | | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| i | Tuarastail, pá agus liúntais | | | | | |
| | | *Bunmhéid* | 274,340 | | | |
| | | *Forlíontach* | (5,564) | | | |
| | | | | 268,776 | 266,913 | 251,918 |
| ii | Taisteal agus cothú | | | | | |
| | | *Bunmhéid* | 7,440 | | | |
| | | *Forlíontach* | 1,530 | | | |
| | | | | 8,970 | 9,331 | 8,183 |
| iii | Oiliúint agus forbairt | | | | | |
| | | *Bunmhéid* | 2,749 | | | |
| | | *Forlíontach* | (441) | | | |
| | | | | 2,308 | 2,098 | 2,351 |
| iv | Seirbhísí oibríochtúla, soláthairtí agus trealamh éagsúil | | | | | |
| | | *Bunmhéid* | 10,499 | | | |
| | | *Forlíontach* | 591 | | | |
| | | | | 11,090 | 9,819 | 7,779 |
| v | Infheistíocht caipitil dhigitigh agus costais TF | | | | | |
| | | *Bunmhéid* | 84,201 | | | |
| | | *Forlíontach* | 863 | | | |
| | | | | 85,064 | 82,486 | 78,401 |
| vi | Speansais áitribh | | | | | |
| | | *Bunmhéid* | 30,582 | | | |
| | | *Géilleadh iarchurtha* | 1,000 | | | |
| | | *Forlíontach* | (1,831) | | | |
| | | | | 29,751 | 26,931 | 20,013 |
| vii | Athbhreithnithe beartais, seirbhísí comhairliúcháin agus taighde | | | | | |
| | | *Bunmhéid* | 272 | | | |
| | | *Forlíontach* | (48) | | | |
| | | | | 224 | 138 | 180 |
| | | | | **406,183** | **397,716** | **368,825** [a] |

Nóta [a] Leasaíodh iomlán 2024 chun a léiriú go n-aistreofar caiteachas ar sheirbhísí saotharlainne chuig fo-cheannteideal A.5 do 2025.

**Éagsúlachtaí suntasacha**

Leagtar amach sna nótaí seo a leanas na cúiseanna leis na héagsúlachtaí suntasacha (+/- 25% agus €100,000 ar a laghad) i gcaiteachas riaracháin.

**ii Taisteal agus cothú**

*Soláthar sna meastacháin €7.440 milliún; olltoradh buiséid €9.331 milliún*

Tharla an méadú €1.891 milliún ar an gcaiteachas i gcomparáid leis an meastachán bunaidh mar gheall ar leibhéal méadaithe taistil bhaile agus taistil a bhaineann le rialú galar araon.

**vii Athbhreithnithe beartais, seirbhísí comhairliúcháin agus taighde**

*Soláthar sna meastacháin €272,000; olltoradh buiséid €138,000*

Tharla an t-easnamh €134,000 sa chaiteachas i gcomparáid leis an meastachán bunaidh mar gheall ar chostais a bhí níos ísle ná mar a bhíothas ag súil leo maidir le comhairleoireacht TF, comhairleoireacht iascaigh agus an t-athbhreithniú ar an gCiste Rásaíochta Capall agus Con.

## Clár A Sábháilteacht Bia, Sláinte Ainmhithe agus Plandaí agus Leas Ainmhithe

| | | | | 2025 | 2024 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | Soláthar sna meastacháin | Toradh iarbhír | Toradh iarbhír |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| A.1 | Riarachán – pá | | | | |
| | *Bunmhéid* | 162,263 | | | |
| | *Forlíontach* | (5,189) | | | |
| | | | 157,074 | 155,986 | 147,222 |
| A.2 | Riarachán − neamhphá | | | | |
| | *Bunmhéid* | 84,694 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 1,000 | | | |
| | *Forlíontach* | (977) | | | |
| | | | 84,717 | 80,039 | 69,602 [a] |
| A.3 | Sábháilteacht bia, sláinte ainmhithe agus plandaí agus leas ainmhithe | | | | |
| | *Bunmhéid* | 102,564 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 1,000 | | | |
| | *Forlíontach* | (4,694) | | | |
| | | | 98,870 | 100,080 | 87,856 |
| A.4 | Díothú eitinn bhólachta agus bruisealóise | | | | |
| | *Bunmhéid* | 73,500 | | | |
| | *Forlíontach* | 63,000 | | | |
| | | | 136,500 | 122,747 | 100,618 |
| A.5 | Seirbhísí saotharlainne | | | | |
| | *Bunmhéid* | 20,633 | | | |
| | *Géilleadh iarchurtha* | 3,000 | | | |
| | *Forlíontach* | (99) | | | |
| | | | 23,534 | 21,081 | 12,732 |
| | | | **500,695** | **479,933** | **418,030** |

Nóta [a] Riarachán 2024 – neamhphá coigeartaithe chun a léiriú go n-aistreofar caiteachas ar sheirbhísí saotharlainne go Clár A, fo-cheannteideal A.5 in 2025.

### Éagsúlachtaí suntasacha

Léiríonn na nótaí seo a leanas na cúiseanna le héagsúlachtaí suntasacha in caiteachais ar chláir seachas riarachán (atá 5% ar a laghad +/- agus €100,000).

**A.4 Díothú eitinn bhólachta agus bruisealóise**

*Soláthar sna meastacháin €73.500 milliún; olltoradh buiséid €122.747 milliún*

Tharla an méadú ar chaiteachas €49.247 milliún i gcomparáid leis an meastachán bunaidh mar gheall ar leibhéal méadaithe eitinn bhólachta in Éirinn agus mar gheall ar luach méadaithe an eallaigh náisiúnta in 2025.

Ba é an príomhspreagadh leis an méadú seo ar chaiteachas ná €42 mhilliún breise don Scéim Luachála Margaidh ar an bhFeirm, arb í an príomhbheart cúitimh atá ar fáil d'úinéirí tréada a bhfuil a dtréada buailte ag ráig eitinne. Leithdháileadh €2.9 milliún breise chun íocaíocht a thabhairt do chleachtóirí tréidliachta príobháideacha as tástáil eitinn a dhéanamh agus leithdháileadh €2.5 milliún eile le haghaidh cúitimh eile. Bhí an €1.8 milliún a bhí fágtha comhdhéanta de chaiteachas breise ar fud roinnt fo-cheannteideal éagsúil.

### A.5 Seirbhísí saotharlainne

*Meastachán a dhéanamh ar sholáthar €23.633 milliún; olltoradh buiséid €21.081 milliún*

Tharla an laghdú €2.552 milliún ar an gcaiteachas i gcomparáid leis an meastachán bunaidh mar gheall nach raibh an luas ag a raibh roinnt tionscadal faoi stiúir Oifig na nOibreacha Poiblí á seachadadh (athsholáthar uathchláibh, tionscadail athchóirithe saotharlann etc.) ag dul chun cinn mar a bhíothas ag súil leis in 2025 agus, dá bhrí sin, níor tháinig an caiteachas sin chun cinn.

## Clár B Tacaíocht agus Rialuithe Feirme/Earnála

| | | | | 2025 | | 2024 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | Soláthar sna meastacháin | Toradh iarbhír | Toradh iarbhír |
| | | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| B.1 | Riarachán – pá | | | | | |
| | | *Bunmhéid* | 77,115 | | | |
| | | *Forlíontach* | (254) | | | |
| | | | | 76,861 | 76,328 | 72,040 |
| B.2 | Riarachán − neamhphá | | | | | |
| | | *Bunmhéid* | 35,499 | | | |
| | | *Forlíontach* | 1,166 | | | |
| | | | | 36,665 | 35,371 | 32,903 |
| B.3 | Scéimeanna agra-chomhshaoil | | | | | |
| | | *Bunmhéid* | 62,488 | | | |
| | | *Forlíontach* | 1,235 | | | |
| | | | | 63,723 | 54,400 | 83,261 |
| B. 4 | Scéim um limistéir srianta nádúrtha | | | | | |
| | | *Bunmhéid* | 247,000 | | | |
| | | *Forlíontach* | 2,000 | | | |
| | | | | 249,000 | 248,051 | 249,338 |
| B. 5 | Forbairt talmhaíochta agus bia (feirmeoireacht) | | | | | |
| | | *Bunmhéid* | 59,300 | | | |
| | | *Géilleadh iarchurtha* | 21,500 | | | |
| | | *Forlíontach* | 3,650 | | | |
| | | | | 84,450 | 82,628 | 46,854 |
| B. 6 | Scéimeanna inbhuanaitheachta mairteola | | | | | |
| | | *Bunmhéid* | 92,761 | | | |
| | | *Forlíontach* | 2,000 | | | |
| | | | | 94,761 | 96,797 | 84,728 |
| B. 7 | Aistriú eolais | | | | | |
| | | *Bunmhéid* | 4,000 | | | |
| | | *Forlíontach* | 3,532 | | | |
| | | | | 7,532 | 7,404 | 9 |
| B. 8 | Scéim leasa ainmhithe do chaoirigh | | | 20,000 | 20,042 | 20,171 |
| B. 9 | Scéim luathscoir | | | — | (28) | (12) |
| B. 10 | Foraoiseacht agus bithfhuinneamh | | | 91,007 | 82,110 | 73,271 |
| B. 11 | Costais rialaithe agus scéimeanna tacaíochta eile | | | | | |
| | | *Bunmhéid* | 23,395 | | | |
| | | *Forlíontach* | (8,828) | | | |
| | | | | 14,567 | 13,819 | 18,227 |

| | | | | 2025 | 2025 | 2024 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | Soláthar sna meastacháin | Toradh iarbhír | Toradh iarbhír |
| | | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| B. 12 | Scéimeanna eile | | | 22,138 | 22,202 | 30,817 |
| B. 13 | Bearta cánach carbóin agus an Ciste um Aistriú Cóir | | | 3,000 | 2,397 | 2,086 |
| B. 14 | Scéim Timpeallachta Agra-Aeráide Tuaithe | | | | | |
| | | *Bunmhéid* | 260,000 | | | |
| | | *Forlíontach* | 35,000 | | | |
| | | | | 295,000 | 304,239 | 342,754 |
| B. 15 | An Scéim maidir le Feirmeoireacht Orgánach | | | | | |
| | | *Bunmhéid* | 56,000 | | | |
| | | *Forlíontach* | 4,798 | | | |
| | | | | 60,798 | 60,237 | 23,204 |
| B. 16 | Scéim na Curadóireachta agus na Gairneoireachta | | | | | |
| | | *Bunmhéid* | 30,000 | | | |
| | | *Forlíontach* | 2,400 | | | |
| | | | | 32,400 | 32,184 | — |
| B.17 | Scéim Sheanbhunaithe na bhFeirmeoirí Óga | | | | | |
| | | *Bunmhéid* | 5,000 | | | |
| | | *Forlíontach* | (2,750) | | | |
| | | | | 2,250 | 2,225 | — |
| | | | | **1,154,152** | **1,140,406** | **1,079,651** |

**Éagsúlachtaí suntasacha**

Léirítear sna nótaí seo a leanas na cúiseanna le héagsúlachtaí suntasacha sa chaiteachais ar chláir seachas riarachán (atá 5% ar a laghad +/- agus €100,000).

**B.3 Scéimeanna agra-chomhshaoil**

*Meastachán a dhéanamh ar sholáthar €62.488 milliún; olltoradh buiséid €54.400 milliún*

Ba é ba chúis go príomha leis an easnamh caiteachais €8.088 milliún i gcomparáid leis an meastachán bunaidh ná nár tháinig caiteachas a raibh coinne leis faoi scéim RePowerEU chun cinn. Ina theannta sin, rinneadh coigilteas i roinnt scéimeanna eile.

**B.7 Aistriú eolais**

*Meastachán a dhéanamh ar sholáthar €4.000 milliún; olltoradh buiséid €7.404 milliún*

Tharla an méadú €3.404 milliún ar an gcaiteachas i gcomparáid leis an meastachán bunaidh mar gheall ar ghlacadh níos airde ná mar a bhíothas ag súil leis don scéim in 2025.

**B.10 Foraoiseacht agus bithfhuinneamh**

*Meastachán a dhéanamh ar sholáthar €91.007 milliún; olltoradh buiséid €82.110 milliún*

Ba é ba chúis leis an easnamh caiteachais €8.897 milliún i gcomparáid leis an meastachán bunaidh ná leibhéil phlandála ní b'ísle ná mar a bhí coinne leis. Tá scéimeanna foraoiseachta faoi stiúir an éilimh agus bhí foráil déanta i meastachán 2025 do phlandáil suas le 8,000 heicteár faoin scéim. Níor tháinig an leibhéal plandála sin i gcrích.

**B.11 Costais rialaithe agus scéimeanna tacaíochta eile**

*Meastachán a dhéanamh ar sholáthar €23.395 milliún; olltoradh buiséid €13.819 milliún*

Bhain an t-easnamh i gcaiteachas de €9.576 milliún i gcomparáid leis an meastachán bunaidh go príomha le toradh rathúil iniúchtaí CBT an Aontais, rud a d'fhág nár tháinig neamhcheaduithe iniúchta féideartha an Aontais chun cinn. Ina theannta sin, tháinig coigilteas chun cinn a bhain le forbairt an Chórais Faireacháin Limistéar, a úsáidtear chun faireachán a dhéanamh ar incháilitheacht talún faoin Scéim um Thacaíocht Bhunúsach Ioncaim agus faoi Scéim na Limistéar faoi Shrianta Nádúrtha.

**B.13 Bearta cánach carbóin agus an Ciste um Aistriú Cóir**

*Meastachán ar sholáthar €3.000 milliún; olltoradh buiséid €2.397 milliún*

Is é is cúis leis an nganntanas caiteachais de €603,000 i gcomparáid leis an meastachán bunaidh ná tearc-chaiteachas i dtreoirthionscadail amhail an uirlis athléimneachta aeráide agus an Scéim Tionscnaimh Taispeána Bithgheilleagair.

**B.14 Scéim Timpeallachta Agra-Aeráide Tuaithe**

*Meastachán ar sholáthar €260.000 milliún; olltoradh buiséid €304.239 milliún*

Is iad na castachtaí a bhain leis an scéim a chur ar fáil agus na moilleanna gaolmhara ó thaobh íocaíochtaí bliana na scéime roimhe sin a dhéanamh ba mhó ba chúis leis an méadú €44.239 milliún ar chaiteachas i gcomparáid leis an meastachán bunaidh. Eisíodh íocaíochtaí bliana iarmharacha na scéime ó 2023 agus 2024 le linn 2025 mar aon le híocaíochtaí na bliana reatha.

**B.15 An Scéim maidir le Feirmeoireacht Orgánach**

*Meastachán ar sholáthar €56.000 milliún; olltoradh buiséid €60.237 milliún*

Tharla an méadú ar chaiteachas €4.237 milliún i gcomparáid leis an meastachán bunaidh mar gheall ar ath-leithdháileadh cistí chun tarraingt an Chláir Forbartha Tuaithe (CFT) a uasmhéadú.

**B.16 Scéim na Curadóireachta agus na Gairneoireachta**

*Meastachán ar sholáthar €30.000 milliún; olltoradh buiséid €32.184 milliún*

Tháinig an méadú €2.184 milliún ar chaiteachas i gcomparáid leis an meastachán bunaidh mar gheall ar chinneadh €100 in aghaidh an heicteáir a íoc as gach barra curaíochta agus gairneoireachta. Bhí dúshláin gan fasach roimh shaothraithe na mbarr sin amhail costais arda ionchuir, praghsanna aschuir laghdaithe agus tionchair dhíobhálacha na haimsire fliche.

**B.17 Scéim Sheanbhunaithe na bhFeirmeoirí Óga**

*Meastachán ar sholáthar €5.000 milliún; olltoradh buiséid €2.225 milliún*

Tharla an t-easnamh €2.775 milliún sa chaiteachas i gcomparáid leis an meastachán bunaidh toisc nár chomhlíon roinnt iarratasóirí téarmaí agus coinníollacha na scéime, rud a d'fhág nach raibh siad incháilithe le haghaidh íocaíochta.

## Clár C Beartas agus Straitéis

| | | | | 2025 | | 2024 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | Soláthar sna meastacháin | Toradh iarbhír | Toradh iarbhír |
| | | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| C.1 | Riarachán – pá | | | | | |
| | | *Bunmhéid* | 21,990 | | | |
| | | *Forlíontach* | (86) | | | |
| | | | | 21,904 | 21,752 | 20,530 |
| C.2 | Riarachán − neamhphá | | | | | |
| | | *Bunmhéid* | 7,464 | | | |
| | | *Forlíontach* | 195 | | | |
| | | | | 7,659 | 7,341 | 6,905 |
| C.3 | Taighde, cáilíocht agus deimhniú | | | | | |
| | | *Bunmhéid* | 29,257 | | | |
| | | *Géilleadh iarchurtha* | 3,000 | | | |
| | | *Forlíontach* | 10,638 | | | |
| | | | | 42,895 | 38,956 | 44,223 |
| C.4 | Forbairt agus cur chun cinn talmhaíochta agus bia (neamhfheirme) | | | | | |
| | | *Bunmhéid* | 11,897 | | | |
| | | *Géilleadh iarchurtha* | 1,000 | | | |
| | | *Forlíontach* | (170) | | | |
| | | | | 12,727 | 10,444 | 10,757 |
| C.5 | Deontas ó Teagasc | | | 175,437 | 172,309 | 167,163 |
| C.6 | Deontas ón mBord Bia | | | | | |
| | | *Bunmhéid* | 59,998 | | | |
| | | *Forlíontach* | (950) | | | |
| | | | | 59,048 | 58,995 | 57,875 |
| C.7 | Ciste Rásaíochta Capall agus Con | | | 99,103 | 99,102 | 95,000 |
| C.8 | Ciste um Nuálaíocht agus Forbairt Tuaithe an Choimisiúin um Fhorbairt Eacnamaíoch Limistéar Tuaithe | | | | | |
| | | *Bunmhéid* | 2,000 | | | |
| | | *Forlíontach* | (240) | | | |
| | | | | 1,760 | 1,994 | 1,491 |
| C.9 | Tabhartais cabhrach bia – an Clár Domhanda Bia | | | — | — | 35,000 |
| C.10 | Scéimeanna iasachta Chorparáid Baincéireachta Straitéiseach na hÉireann | | | 300 | 167 | 196 |

| | | | | 2025 | 2024 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | Soláthar sna meastacháin | Toradh iarbhír | Toradh iarbhír |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| C.11 | Seirbhísí eile | | | | |
| | *Bunmhéid* | 12,600 | | | |
| | *Forlíontach* | (556) | | | |
| | | | 12,044 | 11,445 | 10,930 |
| C.12 | Tacaíochtaí eachaí eile | | | | |
| | *Bunmhéid* | 8,600 | | | |
| | *Forlíontach* | (3,400) | | | |
| | | | 5,200 | 5,600 | 5,228 |
| C.13 | An Rialálaí Agraibhia | | | | |
| | *Bunmhéid* | 1,960 | | | |
| | *Forlíontach* | (33) | | | |
| | | | 1,927 | 1,937 | 1,485 |
| | | | **440,004** | **430,042** | **456,783** |

**Éagsúlachtaí suntasacha**

Léiríonn na nótaí seo a leanas na cúiseanna le héagsúlachtaí suntasacha in caiteachais ar chláir seachas riarachán (atá 5% ar a laghad +/- agus €100,000).

**C.3 Taighde, cáilíocht agus deimhniú**

*Soláthar sna meastacháin €32.257 milliún; olltoradh buiséid €38.956 milliún*

Tharla an méadú ar chaiteachas €6.699 milliún i gcomparáid leis an meastachán bunaidh mar gheall ar sholáthar maoinithe na Roinne don Bhord Bia i dtreo na Scéime Dearbhaithe Mairteola agus Uaineola Inbhuanaithe.

**C.4 Forbairt agus cur chun cinn talmhaíochta agus bia (neamhfheirme)**

*Soláthar Meastacháin €12.897 milliún; olltoradh buiséid €10.444 milliún*

Ba é ba chúis go príomha leis an easnamh caiteachais €2.453 milliún i gcomparáid leis an meastachán bunaidh ná coigilteas a tháinig chun cinn i roinnt scéimeanna. Féadfaidh scéimeanna infheistíochta caipitil den sórt sin a bheith casta agus ní mór ullmhúchán agus pleanáil mhór a dhéanamh ina leith. Beidh an scéim ar bun ar feadh roinnt blianta agus tarraingeofar cistiú anuas de réir mar a chuirfear tionscadail chaipitil i gcrích.

**C.10 Scéimeanna iasachta Chorparáid Baincéireachta Straitéiseach na hÉireann**

*Soláthar sna meastacháin €300,000; olltoradh buiséid €167,000*

